Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Nollaig 2017**
**(OR. en)**

**15560/17**

**SIRIS 214**
**COMIX 824**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 7 Nollaig 2017 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15222/17 |
| Ábhar: | Forbairt Bhiúrónna SIRENE faoi chreat Chóras Faisnéise Schengen<br>Conclúidí ón gComhairle (7 Nollaig 2017) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le forbairt Bhiúrónna SIRENE faoi chreat Chóras Faisnéise Schengen, mar a ghlac an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) an 7 Nollaig 2017.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
MAIDIR LE FORBAIRT BHIÚRÓNNA SIRENE
FAOI CHREAT CHÓRAS FAISNÉISE SCHENGEN**

Déanann an Chomhairle an méid a leanas,

Á aithint di gurb iad Córas Faisnéise Schengen (SIS), agus biúrónna SIRENE na huirlisí is rathúla le haghaidh comhar éifeachtach idir na húdaráis phóilíneachta, chustaim, agus bhreithiúnacha san Aontas agus i dtíortha a mbaineann Schengen leo, agus go mbíonn ról ríthábhachtach acu maidir le saorghluaiseacht daoine a éascú laistigh de limistéar Schengen agus maidir le slándáil na hEorpa a chosaint, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht a chomhrac,

Ag tabhairt dá haird gur tharla go raibh rochtain ag údaráis inniúla na mBallstát ar SIS ceithre bhilliún uair in 2016, go bhfuil níos mó ná 70 milliún foláireamh ann, agus go dtagtar ar níos mó ná cúig chéad agus caoga de dhaoine nó de réada tríd an gcomhar a dhéantar idir SIS agus biúrónna SIRENE gach lá ar fud limistéar Schengen,

Ag meabhrú di na conclúidí ón gComhairle an 6 Aibreán 2009[1], inar iarradh, *inter alia*, an úsáid a bhaintear as Córas Faisnéise Schengen a fheabhsú tuilleadh agus go ndéanfadh na Ballstáit bearta iomchuí go pras, d'fhonn dul i ngleic leis an bhforbairt sin, agus d'fhonn luas agus ardchaighdeán an chomhair idir biúrónna SIRENE a áirithiú,

Ag tabhairt dá haire an anailís staidrimh a léiríonn gur mhéadaigh líon iomlán na bhfoláireamh in SIS faoi thrí, nach mór, le hocht mbliana anuas agus gur tháinig méadú suntasach ar líon na n-amas sin á bpróiseáil ag biúrónna SIRENE, go háirithe ón tráth ar tháinig SIS II i bhfeidhm in 2013, agus ó tugadh isteach feidhmiúlachtaí nua chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac in 2015,

1 Féach 8107/09 (http://europa.eu/rapid/press-release_PRES-09-83_en.htm?locale=en)

Ag aithint di, maidir le bunúis dlí SIS, atá á bplé faoi láthair, agus maidir le tionscnaimh nua eile — go háirithe EES agus ETIAS, agus an idir-inoibritheacht ina hiomláine, freisin — nach féidir iad a chur chun feidhme mar is ceart ach amháin nuair a dhéantar malartú faisnéise forlíontaí go réidh, ar faisnéis í sin a chuireann biúrónna SIRENE ar fáil,

Agus é á admháil aici go meastar go dtiocfaidh méadú gasta ar líon na bhfoláireamh agus na n-amas amach anseo, agus dá bhrí sin gur cheart an t-ualach oibre SIRENE a leanfaidh sin a chur san áireamh, agus bearta ábhartha a dhéanamh,

Ag tabhairt dá haire an toradh a bhí ar an taighde maidir le hacmhainneacht SIRENE a fhorbairt, a léiríonn go bhfuil laghdú suntasach i líon foirne SIRENE in ainneoin an ualaigh oibre mhéadaithe, agus ag an am céanna nach bhfuil na bearta eile á gcur ar fáil ar an mbealach is fearr is féidir,

Á aithint di, mar sin féin, go bhféadfadh na Ballstáit an leas is fearr a bhaint as ranníocaíocht oibríochtúil SIS, cé nár cúitíodh an fás ar ualach oibre bhiúrónna SIRENE, a bhaineann leis an méadú ar líon na bhfoláireamh agus na n-amas in SIS, agus le cúraimí eile (BGE, etc.), freisin, le méadú comhréireach ar an líon foirne ná le huathoibriú an tsreafa oibre, agus go bhfuil tionchar diúltach nach beag aige sin ar chumas oibríochtúil SIRENE, agus gur cheart déileáil leis a luaithe agus is féidir,

(1) *Is díol sásaimh di* an méid suntasach a chuireann Córas Faisnéise Schengen (SIS), lena n-áirítear an comhar a dhéantar le SIRENE, le cosaint an limistéir nach ndéantar seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha ann, go háirithe i gcomhthéacs na ndúshlán atá ann faoi láthair maidir leis an imirce agus leis an sceimhlitheoireacht laistigh de limistéar Schengen;

(2) *Is díol sásaimh di* an staidreamh maidir le foláirimh agus amais i gCóras Faisnéise Schengen a chuir na Ballstáit agus eu-LISA ar fáil agus *áitíonn* sé ar na Ballstáit measúnú bliantúil aontaithe maidir le forbairt acmhainneachta SIRENE a bhunú, d'fhonn tacaíocht réidh leanúnach a áirithiú d'úsáideoirí deiridh, lá agus oíche. *Cuireann sí de chúram ar* an Meitheal um Ábhair Limistéir Schengen (SIS/SIRENE) leanúint den obair sin a dhéanamh, lena ndíreofaí go háirithe ar ualach cothrom oibre a bhaint amach agus ar acmhainní a chur ar fáil, agus aird á tabhairt ar uathoibriú na bpróiseas agus ar inrochtaineacht na faisnéise forlíontaí ar an leibhéal náisiúnta;

(3) *Iarrann sí* ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun scrúdú níos géire a dhéanamh ar dheiseanna inmheánacha chun teorainneacha a leagan síos i leith sreafaí faisnéise agus chun teacht ar na réitigh is fearr a luaithe is féidir;

(4) *Tugann sí dá haire* an fás suntasach san ualach oibre ag biúrónna SIRENE agus *áitíonn sí* ar na Ballstáit bearta pras iomchuí a dhéanamh i ndáil leis an méid seo a leanas:

- dul i ngleic leis na forbairtí thuasluaite, go háirithe i réimse na hidir-inoibritheachta;
- luas agus ardchaighdeán a áirithiú maidir leis an gcomhar a dhéantar idir biúrónna SIRENE;
- feabhas a chur ar an gcomhar, ar an leibhéal náisiúnta, a dhéantar idir biúrónna SIRENE agus na húdaráis inniúla sna Ballstáit;
- acmhainní daonna iomchuí agus córais sreafa oibre ábhartha a dheonú do bhiúrónna SIRENE.